COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

GALWAY COUNTY COUNCIL

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

FODHLÍTHE CHONTAE NA GAILLIMHE UM THRÁCHT AR BHÓITHRE (LUASTEORAINNEACHA SPEISIALTA) UIMH. 1 - 2021

1. Réamhrá

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar di le hAlt 9 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2004 (Uimh. 44 de 2004) agus le toiliú Bhonneagar Iompair Éireann (TII) i ndáil le Bóithre Náisiúnta, agus tar éis fhógra a thabhairt do Choimisinéir an Gharda Síochána agus tar éis an próiseas comhairliúcháin reachtúil poiblí a chur i gcrích, deanann Comhairle Chontae na Gaillimhe na fodhlíthe seo a leanas maidir le limistéar riaracháin Chontae na Gaillimhe.

a. Fodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta) Uimh. 1 – 2021 is teideal do na Fodhlíthe seo.

b. Is fodhlíthe forlíontacha iad na fodhlíthe seo a mhéid a bhaineann le Fodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta) 2018 agus is ceart iad a léamh i dteannta na bhfodhlíthe sin. Déantar foráil leo maidir le leasuithe agus breisithe i leith Fhodhlíthe Chontae na Gaillimhe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta) 2018.

c. Tá na léarscáileanna atá i gceangal leis na fodhlíthe seo curtha ar fáil ar mhaithe le léiriú amháin, agus i gcás easaontas a bheith ann idir na léarscáileanna sin agus téacs an sceidil a ghabhann leis seo, beidh tosaíocht ag téacs an sceidil.

d. Tiocfaidh na fodhlíthe seo i ngníomh ar an xxxxxx.

2) Imleabhar 1 CB Bhaile Átha an Rí - leasuithe

AN CÚIGIÚ SCEIDEAL

Bóithre a bhfuil luasteorainn speisialta seasca ciliméadar san uair (**60km/u**) forordaithe ina leith. Gabhann réimír 60 le huimhreacha sa liosta rud a léiríonn luasteorainn 60 km/u.

A/ 60/10. Na bóithre seo a leanas in Órán Mór

(e) Bóthar Órán Mór - Bhéal Átha na Sluaighe, R466, óna acomhal le timpeallán Órán Beag, soir go dtí 240 méadar soir ó thúr uisce Órán Beag

AN SEACHTÚ SCEIDEAL

Bóithre a bhfuil luasteorainn speisialta céad ciliméadar san uair (**100km/u**) forordaithe ina leith. Gabhann réimír 100 le huimhreacha sa liosta rud a léiríonn luasteorainn 100 km/u.

A/100/2. Na bóithre seo a leanas ar an R446 ó Fhuarchoill go dtí Órán Beag: -

(a) Bóthar R466 ó Bhéal Átha na Sluaighe go Gaillimh idir pointe atá 405 mhéadar siar óna acomhal leis an L7159 i bhFuarchoill go pointe atá 200 méadar siar ó Furey's Cross, L8101/L7107, ag Órán Beag.

3) Imleabhar 3 CB Chonamara Leasuithe

AN CÚIGIÚ SCEIDEAL - breisiú

Bóithre a bhfuil luasteorainn speisialta seasca ciliméadar san uair (**60km/u**) forordaithe ina leith. Gabhann réimír 60 le huimhreacha sa liosta rud a léiríonn luasteorainn 60 km/u.

C/60/12. Na bóithre seo a leanas sa Teach Dóite: -

(a) Bóthar na Gaillimhe - an Chlocháin, N59, idir pointe atá 145 mhéadar siar óna acomhal le Bóthar an Mháma, R336, agus pointe atá 260 méadar soir ón acomhal sin
(b) Bóthar Choisteallach - an Mháma, R336, idir pointe atá 187 méadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar na Gaillimhe - an Chlocháin, N59, agus pointe atá 140 méadar ó dheas ón acomhal sin

AN SÉÚ SCEIDEAL - leasú

Bóithre a bhfuil luasteorainn speisialta seasca ciliméadar san uair (**60km/u**) forordaithe ina leith. Gabhann réimír 80 le huimhreacha sa liosta rud a léiríonn luasteorainn 80 km/u.

C/80/3. Na bóithre seo a leanas sa Teach Dóite (N59): -

(a) Bóthar na Gaillimhe - an Chlocháin, N59, idir pointe atá 260 mhéadar soir óna acomhal le Bóthar an Mháma, R336, agus pointe atá 920 méadar soir ón acomhal sin

---

Arna dhéanamh agus arna ghlacadh faoi Ghnáthshéala CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE.

An ____ú lá seo de _____ 2021.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáthshéala Chomhairle Chontae na Gaillimhe de seo:

_____

An Comhairleoir Peter Keaveney
CATHAOIRLEACH CHONTAE NA GAILLIMHE

DRAFT